

Pleanáil agus torthaí foghlama á n-úsáid

Torthaí Foghlama an Staidéir Ghnó a úsáid chun an fhoghlaim a dhéanamh ábhartha do scoláirí

‘Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol.’

Sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí Lch 3

Chun a thaispeáint conas a dhéanaimid an fhoghlaim ábhartha d'fhoghlaiméoirí idir 12 agus 15 bliana d'aois, díreoidimid ar Thoradh Foghlama 3.2

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, **eagraíochtaí** (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun **acmhainní eacnamaíocha** a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh a dháileadh

Ag úsáid na ngluaiseanna laistigh den tsonraíocht breathnaímid na briathra gnímh agus na téarmaí gnó.


Eagraíocht: Grúpa eagraithe daoine a bhfuil sainchuspóir acu, ar nós cuideachta nó roinn rialtais. D'fhéadfadh gur eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis í, agus cuimsítear léi rud ó chuideachta bheag atá á reáchtáil ag an úinéir ar nós bialann teaghlaigh, go cuideachta ilnáisiúnta.

Acmhainní Eacnamaíocha: Na tosca a úsáidtear chun earraí a tháirgeadh nó chun seirbhísí a sholáthar. Is iad seo na hionchuir a úsáidtear chun rudaí a chruthú nó chun cabhrú le seirbhísí a chur ar fáil lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní neamhdhaonna, amhail talamh, earraí caipitil, acmhainní airgeadais, agus teicneolaíocht.

Míniú: mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

Cuimhnigh gur ráitis iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an eolas agus ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí ar bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Feicfead anseo thíos sampla den chaoi ar spíon grúpa amháin múinteoirí amach an chiall le Toradh Foghlama 3.2. agus iad ag cuimhneamh ar a gcuid scoláirí agus ar a gcomhthéacs féin.



Faightear thíos dhá acmhainn fhéideartha a d’fhéadfá a úsáid chun an fhoghlaim a phleanáil thart ar an toradh seo. Rinneadh na hacmhainní seo a fhorbairt i gcomhar le múinteoirí Comhaltais Staidéar Gnó an SSM agus rinneadh ábhartha iad don fhoghlaiméoir 12 – 15.

Acmhainn A – Gníomhaíocht foghlama fhéideartha le hábhair acmhainní

Acmhainn B - Thiocfadh gníomhaíocht shínte a cheapadh chun an fhoghlaim a dhéanamh ábhartha do scoláire 12-15 bliana d’aois tríd an éifeacht iarmhartach a thagann nuair a cheannaítear Geansaí Spóirt de Dhéantús na hÉireann agus ceann iompórtáilte de dhéantús iasachta. D’fhéadfadh sé sin rannpháirtíocht agus plé a thionscnamh sa seomra ranga agus beidh an tuiscint a fhorbraítear sa ghníomhaíocht foghlama níos doimhne dá réir.

Acmhainn A

Gníomhaíocht Foghlama – Sreabhadh an Airgid

Toradh Foghlama i bhFócas:

3.2 – Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíocha a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh a dháileadh

Príomhchoincheapa:

Cúrsaíocht an Airgid, Tionchar an Chaiteachais Phearsanta, Caidreamh Idirspiléach.

Intinní Foghlama:

Táimid ag Foghlaim Faoi

- An chaoi a sreabhann airgead idir daoine aonair, eagraíochtaí agus an rialtas
- Caidreamh idirspiléach agus a aithint conas a imríonn ár gcuid caiteachais tionchar ar dhaoine aonair, eagraíochtaí agus an rialtas.

Eispéiris Foghlama:

Stiúrann an múinteoir plé sa seomra ranga ar an gcaoi a sreabhann airgead idir daoine aonair, eagraíochtaí agus an rialtas trí nodcheisteanna a chur ag úsáid comhthéacs a bhaineann le saol na scoláirí.

Breathnaíonn scoláirí an [físeán](#) ar ‘Conas a sreabhann an t-airgead?’ agus is féidir é a bhriseadh ina rannáin agus a thaispeáint a mhinice agus is gá. (Tá seans anseo le do sheomra ranga a thiontú thart tríd an nasc ar Youtube

https://www.youtube.com/watch?v=t82kS7UmYdA&index=20&list=PL95DYatTi3QmgO7dAWkzRV6upijS_S301

a thabhairt dóibh roinnt laethanta roimh ré le hamarc air mar obair baile agus chun tuairimí tosaigh a fhorbairt)

Eagraíonn na scoláirí iad féin ina ngrúpaí de cheathrar agus tugtar treoracha dóibh sula mbreathnóidh siad an físeán arís.

Agus an físeán á sheinm, déanann gach scoláire nóta den idirghníomhú a bhíonn ag ceann de na grúpaí seo a leanas le hairgead.

- Daoine aonair
- Miondíoltóir / Déantúsóir
- Institúidí Airgeadais
- An Rialtas

Roinneann na scoláirí ansin a gcuid tuairimí sa ghrúpa agus líonann scoláire eile amach an rannán cuí den mhata boird, gach duine ag tuairisciú agus ag scríobh síos nótaí ar a sheal.

Tuiscint a Fhorbairt

Stiúrann an múinteoir plé ansin a chabhraíonn le scoláirí a fheiceáil conas a shreabhann an t-airgead agus ansin léiríonn siad sampla eile caiteachais agus a chuid idirghníomhaíochtaí mar léaráid ar an gclár.

Measúnú an Scoláire:

Tasc:

Iarrtar ort machnamh ar cheannach a rinne tú (€20 +) le deirneas nó atá tú ag brath a dhéanamh, agus cur síos a dhéanamh, ag úsáid do rogha féin modha, conas a d'fhéadfadh an t-airgead a chaith tú sreabhadh trí na grúpaí éagsúla daoine aonair, eagraíochtaí agus rialtas.

Critéir Ratha:

- Tá na daoine aonair atá bainteach, na heagraíochtaí atá bainteach agus ról an rialtais aimsithe agam i mo shampla
- Thaispeáin mé conas a shreabhann an t-airgead idir na daoine aonair, na heagraíochtaí (miondíoltóirí, déantúsóirí agus instituidí airgeadais) agus an rialtas de bharr mo chaiteachais
- Tá mo chuid oibre curtha i láthair agam ar dhóigh shoiléir agus eolasach ag úsáid mo rogha féin modha lena láithriú.



Gníomhaíocht Lionsa don fhíseán ar shreabhadh ciorclach an ioncaim

